**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 5 Samhain 2021 trí Skype for Business**

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Shane Carton, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

1. **Glacadh leis an gclár oibre**

   Glacadh le hathrú ar an dréachtchlár oibre. Roinneadh Páipéar scaipthe B i bPáipéar B1, inar tugadh an t-eolas is deireanaí ar thuairisciú, agus i bPáipéar B2, inar moladh chun freastal mar chathaoirleach ar Fhochoiste Iniúchóireachta Feidhmíochta INTOSAI (Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta). Rinneadh páipéar B2 a bhreithniú ansin faoi mhír 9 nua ar an gclár.

2. **Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara**

   Níor tuairiscíodh aon choinbhleacht leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. **Miontuairiscí an chruinnithe roimhe agus na nithe a d'éirigh as**

   Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 1 Iúil 2021, faoi réir roinnt mionathruithe beaga, agus ceadaíodh iad a fhoilsiú ar inlíon na hOifige. Ghlac an Bord trí nós imeachta i scríbhinn cheana féin le miontuairiscí an chruinnithe speisialta (maidir leis an tsamhail um obair sa todhchaí de chuid na hOifige) a tionóladh an 17 Lúnasa 2021 agus, dá bhrí sin, thug an Bord faoi deara iad.

4. **Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

   Thug an Bord faoi deara na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Oifig maidir leis an ról a bheidh ag an Oifig nua um Nochtadh Cosanta nua atá beartaithe faoin mBille um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2021. Chomhaontaigh an Bord go gcoinneodh sé na forbairtí ina leith sin faoi athbhreithniú.

5. **Liosta gníomhartha an Bhoird Iniúchóireachta (páipéar A)**

   Comhaontaíodh go ndéanfaí na gníomhartha a éiríonn as cruinnithe a rianú i dtábla ag deireadh na miontuairiscí seachas i bpáipéar ar leith.

   Thug an Bord faoi deara gur críochnaithe anois atá dhá mhír ó chruinnithe roimhe seo, mar atá: deimhnithe iniúchta a thuairisciú de réir na seachtaine, agus grúpa a bhunú chun samhail um obair sa todhchaí a mholadh.Tá na ceithre ghníomh atá oscailte fós ó chruinnithe roimhe seo le feiceáil sa tábla ag deireadh an doiciméid seo.

6. **An clár tuairiscithe (páipéar B1)**

   Thug an Bord faoi deara an staid reatha maidir leis an gclár tuairiscithe, lena n-áirítear stádas an 15 thuarascáil shonracha leanúnacha, chomh maith leis an mbreac-chuntas luath ar thuarascáil bhliantúil 2021 atá le foilsiú i mí Mheán Fómhair 2022.

   Bhí plé fónta ag an mBord ar sholáthar an chláir tuairiscithe i bhfianaise na taithí a fuarthas i dtuarascáil bhliantúil 2020.

Chuir an Bord fáilte roimh an gcuireadh a tugadh don Oifig chun cur i láthair ar ábhar na hanailísíochta sonraí a thabhairt ag comhdháil bhliantúil Theicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann don bhliain 2021. Beidh beirt iniúchóirí shinsearacha ón Oifig i láthair ag an gcomhdháil an 17 Samhain, rud a thionólfar go cianda. Labhróidh an gcéad duine díobh faoin gcaibidil ábhartha sa tuarascáil bhliantúil agus labhróidh an duine eile faoi sheoladh an aonaid nua anailísíochta sonraí san Oifig.

Ghabh an Bord buíochas as an dua agus an díograis a léirigh siad siúd a ghlac páirt sa tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú agus a tháirgeadh.

**7. An clár iniúchóireachta airgeadais (páipéir C, C1 agus C2)**

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil feidhmíochta iniúchóireachta don bhliain go dtí seo. Tugadh faoi deara gur deimhníodh 97% (sprioc 95%) d'iniúchtaí deireadh bliana 2020, de réir láimhdeachais, agus 66% (sprioc 70%) d'iniúchtaí, de réir lín, laistigh de naoi mí ón deireadh bliana.

Rinne an Bord athbhreithniú ar an bpáipéar ina ndearnadh comparáid idir deimhniú na n-iniúchtaí de réir seachtaine sa bhliain 2021 i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus chuir sé fáilte roimh an bhfeabhas. Comhaontaíodh gur cheart do rúnaí an Bhoird iarraidh ar an bhfoireann anailísíochta sonraí na tuarascálacha breise seo a leanas a ullmhú:

- deimhnithe iniúchta míosúla (carnach) don bhliain reatha agus do gach ceann de na ceithre bliana roimhe
- deimhnithe iniúchta seachtainiúla (carnach) don bhliain reatha agus don bhliain roimhe

Scaipfidh an rúnaí na tuarascálacha thuas ar chomhaltaí an Bhoird trí ríomhphost ar iad a fháil.

Phléigh an Bord an staid dhóchúil riaráistí deireadh bliana tar éis do gach stiúrthóir an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar stádas na n-iniúchtaí ina réimse faoi seach.

Ghabh an Bord buíochas as an dua agus an díograis a léirigh foirne iniúchóireachta airgeadais, go háirithe iad siúd a raibh baint acu le cuntais leithreasa na bliana 2020 a tháirgeadh agus a fhoilsiú.

Comhaontaíodh gur cheart don Oifig iarraidh ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceanglas a chur ar áireamh sa chiorclán atá le teacht do ranna maidir le cuntais leithreasa dearbhú a dhéanamh ina ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais á rá go ndearna siad breithniú ar thionchar na socruithe díláraithe fada oibre ar a dtimpeallacht rialaithe.

Ghlac an Bord leis na moltaí atá leagtha amach i bPáipéar C2 maidir le leasuithe ar dheimhnithe iniúchta áirithe don bhliain airgeadais 2021. Glacadh freisin gur cheart na hathruithe a chur chun feidhme agus a sheiceáil go lárnach sula gcuirfí na deimhnithe athbhreithnithe ar aghaidh chuig na leas-stiúrthóirí.

**8. Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar D)**

Thug an Bord faoi deara an t-iniúchadh nua air seo:

- An Bord Parúil

Phléigh an Bord na hiniúchtaí féideartha nua a luadh sa reachtaíocht beartaithe agus chomhaontaigh sé gurbh é seasamh na hOifige ná gurbh fhearr nach lú an chéad tréimhse airgeadais d'eintitis nua ná ceithre mhí agus nach faide í ná 18 mí.

Phléigh an Bord an páipéar ráithiúil ar athbhreithniú reachtaíochta agus chomhaontaigh sé gur cheart an páirtí (nó an Teachta Dála/Seanadóir) atá ag tabhairt gach bille ar aghaidh a lua in eagráin amach anseo.

**9. Togra chun freastal mar chathaoirleach ar Fhochoiste Iniúchóireachta Feidhmíochta INTOSAI (páipéar B2)**

Thug an Bord faoi deara an togra go ndearbhódh an Oifig spéis i bheith ina cathaoirleach ar Fhochoiste Iniúchóireachta Feidhmíochta an Choiste um Chaighdeáin Ghairmiúla de chuid INTOSAI (Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta) ar feadh na dtrí bliana idir 2022 agus 2025 agus ghlac sé leis an togra sin. Bheadh post an chathaoirligh ag leibhéal an stiúrthóra. Dá roghnófaí an Oifig mar chathaoirleach ar an gcoiste, ba cheart an socrú a athbhreithniú i ndiaidh dhá bhliain.

**10. Togra le haghaidh iniúchtaí airgeadais a bhfuil deireadh bliana sa bhliain 2021 acu a tharmligean (páipéar E)**

Thug an Bord faoi deara an cur chuige molta maidir le hiniúchtaí airgeadais le haghaidh cuntais a bhfuil deireadh bliana sa bhliain 2021 acu a tharmligean, agus cheadaigh sé an cur chuige sin. Is iad seo na príomhathruithe a rinneadh ar an gcur chuige roimhe a glacadh i leith tarmligin:

- ba cheart aon iniúchtaí atá rangaithe mar A nó B (i.e., riosca dúchasach níos airde) a eisiamh go follasach ó aon tarmligin chuig leas-stiúrthóirí agus stiúrthóirí ón mbliain 2022 ar aghaidh, agus úsáid á baint as an uirlis um an riosca iniúchóireachta a chatagóiriú
- ba cheart an tairseach láimhdeachais maidir le tarmligean chuig leas-stiúrthóirí a mhéadú ó €25 mhilliún go dtí €50 milliún, ach an chuid eile de na critéir atá ann cheana a choinneáil i bhfeidhm
- an tarmligean chuig stiúrthóirí a leathnú chun comhlachtaí san earnáil breisoideachais nó ardoideachais a bhfuil láimhdeachas idir €100 milliún agus €200 milliún acu a chur ar áireamh.

Coinneofar an coinbhinsiún reatha nár cheart iniúchtaí a tharmligean ach chuig [leas-stiúrthóirí] a bhfuil taithí bliana ar a laghad acu sa ghrád.

**11. Réamhchlár oibre an Bhoird Iniúchóireachta don bhliain 2022 (páipéar F)**

Thug an Bord faoi deara an páipéar ina leagtar amach dréacht-réamhchlár oibre le haghaidh trí chruinniú sa bhliain 2022. Tar éis é a phlé, chomhaontaigh an Bord gur cheart dó pleanáil a dhéanamh le haghaidh ceithre chruinniú rialta in aghaidh na bliana. Cuirfear réamhchlár oibre leasaithe i láthair lena cheadú ag an gcéad chruinniú den Bhord Iniúchóireachta sa bhliain 2022.

**12. Aon ghnó eile**

Chomhaontaigh an Bord gur cheart na cruinnithe sa bhliain 2022 a chur ar siúl i mí an Mhárta, i mí Iúil, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag. Tá an chéad chruinniú eile le cur ar siúl Dé hAoine an 25 Márta 2022 agus cuirfear ar siúl é trí fhíschomhdháil.

Coinneofar faoi athbhreithniú an cheist faoi cé acu ba cheart cruinnithe Boird amach anseo a chur ar siúl go fíorúil nó i bpearsa.